

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

30 IÚIL 2020



SCÉIM SÍOL: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá SÍOL scéim urraíocht de chuid Ealaín na Gaeltachta, ar oscailt faoi láthair. Is scéim stráitéiseach atá ann, dírithe ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair sna ceantair Ghaeltachta le deis a thabhairt dóibh cothú agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona san Gaeltacht. Faoin scéim, d'fhéadfaí forbairt gairme agus oiliúint faoi leith a fháil nó tacaíocht a fháil le seoladh dlúthdhiosca, ach oiread le go leor roghanna eile. Tá buiséad suas le €1,000 ar fáil mar chuid den scéim. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an áisitheoir ealaín i do cheantar. Tá sonraí teagmhála na n-áisitheoirí ar an suíomh idirlín: www.ealain.ie



COMHGHAIRDEACHAS ÉANNA Ó CURRAOIN!

Comhghairdeachas ó chroí le hÉanna Ó Curraoin scoláire as Coláiste Cholmcille in Indreabhán, a bhain áit amach i gcrabhadh chomórtas an chláir 'An Séaladh a Bhriseadh'! Bíonn an comórtas á reáchtáil ag Ollscoil Éireann Gaillimh do scoláirí Ardteiste. Rinne Éanna taighde maidir le Tubaiste Searnóbaill 1986 agus fuair sé áit sa gcrabhadh de bharr a shaothar. Guíonn muid chuile rath ar Éanna agus é ag dul in iomaíocht le scoláirí eile as Gaillimh, Sligeach agus Ros Comáin ar an Déardaoin 30/07. Go n-éirí go geal leis!



FLEADH 2020

Bhí Fleadh Cheoil na hÉireann le fillleadh ar an Muileann Cerr i mbliana - áit ar tharla an chéad Fhleadh Ceoil ariamh i 1951. Cuma eile ar fad a bheas ar Fhleadh Cheoil na hÉireann 2020! Sraith cláracha a chraolfar thar cheithre oíche as a chéile ó 6-9 Lúnasa ar TG4 @ 9:30i.n. a bheas ann. As an Muileann gCerr a chraolfar iad. Is iomaí sin ceoltóir agus amhránaí a bheas le cloisteáil ó chuile thaobh den tír, agus beidh cuairteoirí ceolmhara, fíorúla ann ó Bhrisbane, Nua Eabhrac agus as Tóiceo féin! Beidh mír mhachnamhach ar an gclár chuile oíche chomh maith, áit a ndéanfar plé maidir le tábhacht agus tionchar na fleá. Doireann Ní Ghlacáin, Daithí Ó Sé agus Kieran Hanrahan a bheas á léiriú.



POST: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá post mar oifigeach cúnta, ar chonradh dhá bhliain, á thairiscint ag Ealaín na Gaeltachta. Beidh sé de chúram ag an té a cheapfar tacú leis an gclár oibre ealaín atá a chur i bhfeidhm ag Ealaín na Gaeltachta cheana féin. In Ard-Oifig Udarás na Gaeltachta sna Forbacha atá an post. Tá na sonraí poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le hEalaín na Gaeltachta ag 0749560100 nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig ealain@udaras.ie. An Luan 10ú Lúnasa an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh ar an bpost.

TEANGA TÍ

Teanga Tí an suíomh nua gréasáin a seoladh le gairid le tacú le teaghlach atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Glór na nGael atá á riaradh le go mbeidh sé ina áis do thuismitheoirí a shocraíonn a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Is áit lárnach í le heolas ar na dea-chleachtais is fearr, ar acmhainní tacaíochta agus spraoi chomh maith le heolas faoi imeachtaí do theaghlach a labhraíonn Gaeilge a fháil. Is féidir níos mó eolais a fháil ar an suíomh féin: www.teangati.ie

MICIL I MBUN MACHNAIMH

'Sé Pádraic Ó Griallais, as Indreabhán, a bhí i mbun machnaimh le Mícheál Ó Ciaraidh le deireanaí. Is iomaí sin ábhar a plé Mícheál le húinéir drioglainne *Micil*: an Ghaeilge, an meon atá aige ina leith, múinteoireacht meánscoile, ceird na scéalaíochta agus ar a fhiontar drioglainne féin ar chuid acu. Is féidir an t-agallamh a fheiceáil ar leathanach FB Fhoras na Gaeilge.

DIALANN DÚRADÁIN AR FÁIL ANOIS!

Tá an tsraith leabhar *Diary of a Wimpy Kid* ar fáil anois i dhá theanga Ghaelacha - Gaeilge agus an Manainnis. Adrian Cain a d'aistrigh na leabhar seo a scríobh Jeff Kinney. Cé gur foilsíodh eachtraí an dúradáin ar líne amháin, an chéad lá riamh, tá ag éirí go hiontach leo anois i measc an aosa óg. Leanann na leabhra saol laethúil Greg, é scríofa mar dhialann ina ghuth féin. Déanadh scannán den scéal freisin! Is féidir cóipeanna a cheannach anois ó Futa Fata ag www.futafata.ie.

POST AR FÁIL I ROS A' MHÍL!

Tá **Comhar Naíonraí na Gaeltachta** sa tóir ar Oibrí Tacaíochta do Naíonra Ros an Mhíl. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht leibhéal 5 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC) agus taithí a bheith acu ar a bheith ag obair le páistí faoi chúig bliana d'aois chomh maith le taithí ar a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann. Tá líofacht Ghaeilge riachtanach. Is post páirtaimseartha é seo, ó Luan go hAoine. Is féidir breis eolais a fháil ach gaoch ar Oifigeach Forbartha Chomhar Naíonraí na Gaeltachta ag 091 595 337. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine 7ú Lúnasa 2020. Is féidir na sonraí a fháil ar a leathanach Facebook: Comhar Naíonraí na Gaeltachta nó is féidir gaoch a chur orthu @ 091 595 337



CEILIÚRADH CEARDAÍOCHTA

Bhí ceiliúradh iontach ag Údarás na Gaeltachta le deireanaí ar dhá scór bliain de scoth na ceardaíochta Gaeltachta. Turas ar bhóithrín na smaointe a bhí ann, ag breathnú siar ar cheardaíocht na Gaeltachta agus stair na heagraíochta ag tacú leis an earnáil sin. Rinneadh ceiliúradh ar chomhlachtaí, ealaíontóirí, potadóirí agus cruthaitheoirí ó chuile choirneál na Gaeltachta, muintir Chois Fharraige san áireamh. Is féidir na taispeántais a fheiceáil ar líne fós, ar leathanach Facebook an Údaráis.



GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com

Más rud é gur chaill duine ar bith amach ar ChampaCúla4 tá athchraoladh á dhéanamh ar na cláracha ar TG4 agus is féidir iad a fheiceáil ar líne ar leathanach Facebook: Cúla4. Pléitear fógraíocht, iriseoireacht agus sábháilteacht ar líne sa chlár is deireanaí!



Tá sé mhonalóg nua-scríofa i nGaeilge á léiriú ag an gcompántas amharclannaíochta Feirsteach Aisling Ghéar. **Go mBeire Muid Beo** an t-ainm ar an sraith atá le feiceáil ar chuntas YouTube Aisling Ghéar Theatre Co. Feictear Seán T Ó Meallaigh agus Mary Ryan, a aithneofar ó Khlondike agus Ros na Rún, faoi seach i bpríomhrólanna sna monalóga. Maith sibh a chairde!

TORTHAÍ AR CHLUICHÍ CLG AN CHEANTAIR

Agus tús bríomhar á chur le cluichí CLG arís, foilseofar torthaí anseo go rialta. Deirtear go mbeidh torthaí ó chailíní an cheantair istigh go luath agus iad ag tabhairt aghaidhe ar na páirceanna faoi láthair!

Dé Céadaoin 29/07 (B (I) Sóis.)

CLG Mícheál Breathnach	2-14
Cárna-Caiseal/Na Piarraigh	1-05

Dé Máirt 28 /07 (F14 D2 Iarthar)

CLG Bhearna	3-15
Órán Mór/Meáraí	12-6

Dé Máirt 28/07 (F14D2 Iarthar)

CLG Mícheál Breathnach	0-07
An Cheathrú Rua	5-08

Dé Máirt 28/07 (F14 D5 Iarthar)

CLG Bhearna	3-06
Órán Mór/Meáraí C	0-00

Dé Sathairn 25/07 (F12 G10)

CLG Bhearna B	5-03
Maigh Cuilinn B	5-09

Dé Sathairn 25/07 (F12 - G6)

An Cheathrú Rua	5-08
An Spidéal	1-05

MARATÓN NA DTEAGHLACH

Tá ag éirí go hiontach le muintir Chois Fharraige atá ag glacadh páirte i Maratón na dTeaghlach agus tá roinnt acu críochnaithe cheana féin!

